
# 6 Róisín agus an Chairt




Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí an t-údar agus na pictiúir agus an cineál scéil a bheidh ann ón eolas atá ar lgh. 4 - 5. Pléigí an clog ar an bhalla agus atá ar siúl ag an tiománaí traenach. Cad é a shíleann na páistí a tharlóidh sa scéal seo?

Léigí an scéal le chéile mar ghrúpa.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh arís i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Labhair leis na páistí faoin phictiúr. Cad chuige a bhfuil na balúin ann? Cé hiad na daoine?

Amharc ar na pictiúir sa scéal leis na páistí. Cad é a shíleann siad atá gach duine a rá sna pictiúir? Cuir ceisteanna ar na páistí, **Cé a dúirt.....? Cad é a chuir Daideo sa chairt?**

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh.


Iarr ar na páistí an scéal a insint duit ina bhfocail féin.

Lch.12-14. Amharcaigí ar an phoncaíocht, ar na comharthaí cainte, na camóga agus na lánstadanna.

Lch. 18. Amharcaigí ar na focail **D'amharc** agus **D'oscail**. Cuir ceisteanna ar na páistí le samplaí eile a fháil, m.sh. **Ar imigh tú? Ar oscail tú?** srl.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoin ullmhúchán a dhéanann siad roimh dhul amach ag siúl. **Chuir mé orm mo chóta**. **Thóg mé mo mhála**, srl.

# 6 Turas Oscair




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pléigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Pléigí an pictiúr ar leathanaigh 2 - 3.

Léigí an dán le chéile. Léigh arís é ag fágáil focail ar lár ag ligean do na páistí iad a rá iad féin.

Iarr ar na páistí rithim an dáin a bhualadh amach.

Iarr ar na páistí na focail a dhéanann rím a aimsiú, **faoi, spraoi, draoi, naoi, róghasta, scriosta, blasta, snasta**. Scríobh ar leathanach mór iad. An dtig leo cur leis an liosta?

Iarr ar na páistí na bosa a bhualadh leis an rithim.


Scríbhneoireacht mhúnlaithe - scríobhaigí an dán le chéile ar lch. mór ag díriú airde ar litreacha, ar phoncaíocht agus ar fhocail.

Iarr ar na páistí cartún a dhéanamh d'Oscar. Taispeáin dóibh an dóigh a gcuireann tú línte isteach le **'luas'** a léiriú. Mínigh an focal *luas* agus go dtugtar Luas ar an tram i mBaile Átha Cliath.

Cuidigh leis na páistí bolgáin chainte a chur ar na cartúin.

6

# An Liathróid Mhór




Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí an t-údar agus an pictiúr agus an cineál scéil a bheidh ann ón eolas atá ar an chéad leathanach.

Pléigí an pictiúr, na carachtair, cad é atá ag tarlú. An aithníonn siad Oscar sa phictiúr?

Amharc ar na pictiúir tríd an scéal. Labhair faoin rud a tharlaíonn don liathróid.

Léigí an scéal le chéile mar ghrúpa.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Cuir ceisteanna ar na páistí, **Cad é a tharla nuair a chuaigh an liathróid mhór thar an gheata/faoi na crainn/thar an chosán?**

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin. Cuidigh leo an frása **rud nár chóir** a úsáid.

Labhair leis na páistí faoi na focail **thar, faoi, isteach**. Tabhair samplaí eile lena léiriú do na páistí.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh ag déanamh cur síos ar cheann de na pictiúir sa scéal.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh díobh féin ag súgradh le liathróid. Iarr orthu riail a scríobh faoi shábháilteacht le liathróidí.

Déan léarscáil leis na páistí de na háiteanna a ndeachaigh an liathróid.

# 6 Mo Theaghlach




Amharcaigí ar chlúdach an leabhair. Pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí na pictiúir sa leabhar. Is grianghraif iad cuid de na pictiúir.

Labhair leis na páistí faoi theaghlach s'acusan. Cuir an teaghlach i gcomparáid le crann, mínigh sin do na páistí. Déan sampla de chrann teaghlaigh ar leathanach mór, do theaghlach féin, b'fhéidir.

Amharcaigí tríd an leabhar.

Cuir ceisteanna ar na páistí faoin téacs le foclóir úr a mhíniú.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

Amharc ar an chrann ar lch. 23. Iarr ar na páistí teaghlach Áine a phlé.

Léigí lch. 24 le chéile. Amharcaigí ar an chomhartha uaillbhreasa.

Iarr ar na páistí na focail seo a aimsiú sa leabhar, **mo, mise, seo, agat, is, súgradh, ag, agam**.

Iarr ar na páistí crann ginealaigh a dhéanamh de theaghlach s'acu féin. Thiocfadh leo grianghraif a thabhairt isteach.

Iarr ar na páistí leathanach a fhilleadh leis an abairt, **An bhfuil a fhios agat cé hé?** scríofa ar thaobh amháin agus an freagra agus pictiúr ar an taobh eile.

# 6 An dTig Leat Seo a Dhéanamh?




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo? Mínigh do na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá anseo agus gur leabhar eolais atá ann.

Téacs treorach atá ann. Ciallaíonn sé sin go bhfuil treoracha sa leabhar seo agus nach scéal atá ann. Is leabhar neamhfhicsin é. Mínigh seo do na páistí.

Pléigí leabhair neamhfhicsin. Mínigh go mbíonn clár agus innéacs iontu.

Léigí an leathanach teidil le chéile. Léigí an clár le chéile, ag úsáid na bpictiúr agus na dtúslitreacha mar leideanna.

Léigí lch. 3 le chéile ar an dóigh chéanna.

Cuidigh leis na páistí le foclóir úr trí cheisteanna a chur, m.sh.
- Cad é mar a dhéanann tú crogall le bosca uibheacha?
- Cén dath a chuireann tú ar bheach?

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna. Thiocfadh leo sealanna a ghlacadh.


Iarr ar na páistí ceann de na tionscadail a roghnú agus a mhíniú do gach duine/do chara.

Déan liosta de na focail threoracha atá sa leabhar, **úsáid, gearr, cuir, greamaigh, tarraing, déan, amharc**.

Déan tionscadail amháin leis na páistí.

Iarr ar na páistí na treoracha a scríobh don tionscadal atá déanta acu.

# 6 Phéinteáil Peadar Pictiúr




Amharcaigí ar chlúdach agus blurba an leabhair agus ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.

Léigí an teideal le chéile. Tosaíonn gach focal leis an litir **p.** (Tá an chéad cheann séimhithe agus mar sin tá fuaim eile leis.)

Mínigh foclóir úr trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh nó léigí le chéile é.

Amharcaigí ar lch. 2. Pléigí na comharthaí cainte. Cuir i gcuimhne do na páistí nach mbíonn siad in úsáid i ndrámaí.

Liostaigh na moltaí ar fad a bhí ag gach duine do phictiúr Pheadair ar lch. mór.

Liostaigh na dathanna atá sa leabhar.

Iarr ar na páistí focail a aimsiú sa leabhar, m.sh. **D'amharc, crann, teach, Mamó**, srl.

## 6 An Císte

Labhair leis na páistí faoi dhrámaí. Abair go bhfuil ainm an chainteora ar thaobh amháin. Abair nach mbíonn comharthaí cainte ann.

Amharcaigí ar chlúdach, teideal, blurba an leabhair.

Amharcaigí ar an leathanach teidil. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar. Tá an túslitir chéanna leis an ainm agus leis an chineál feithide atá ann. Mínigh an ról atá ag an scéalaí.

Amharcaigí tríd an leabhar. Cuir ceisteanna ar na páistí faoin téacs, m.sh.
Cad é a rinne Bairbre agus Breandán?
Cad chuige a raibh an féileacán ag caoineadh?

Roghnaigh páiste le gach páirt a léamh.

Liostaigh feithidí eile a dtiocfadh leo bheith sa dráma agus ainmnigh iad leis na túslitreacha céanna le cuidiú na bpáistí, m.sh. Ciarán Ciaróg, Dónall Damhán Alla.


Déan an dráma leis an rang.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh de na feithidí.

# 6 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(*Phéinteáil Peadar Pictiúr*) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **"Cad é an fhuaim a chluineann tú sa teideal? Taispeáin dom an litir sin. Cad é ba chóir do Pheadar a phéinteáil?"** | An aithníonn an páiste:<br>- an litir **p**? ___<br>- an dtugann an páiste freagra réasúnta? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 4. **Abair "Cé hí an bhean sin?"** Abair **"Cuir do mhéar ar an fhocal *Mamaí*. Ainmnigh an chéad litir. Cén phictiúr a mhol Mamaí?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- freagra réasúnta a thabhairt? ___<br>- an focal *Mamaí* a aimsiú? ___<br>- an pictiúr a ainmniú? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 6-7. Abair **"Cad é a dúirt Daidí le Peadar a phéinteáil? Léigh an leathanach sin dom."** | An dtig leis an pháiste:<br>- freagra a thabhairt? ___<br>- méar a dhíriú ar na focail chuí? ___<br>- focail nua a thriail? ___ | |
| Oscail ag lgh. 8-9. Abair, **"Léigh an abairt seo go ciúin lena fháil amach cad é a dúirt Mamó."** Má thugann an páiste an freagra ceart, abair, **"Cad é mar atá a fhios agat gurb é *crann* an focal sin?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- léamh le ciall a fháil? ___<br>- an freagra a mhíniú? ___ | |
| Iarr ar an pháiste lgh. 10-14 a léamh. Déan nóta de na straitéisí a úsáidtear. | An dtig leis an pháiste na lgh. a léamh? ___<br>- focail nua a fhuaimniú? ___<br>- iad féin a cheartú, trí fhuaimeanna, trí chiall nó trí leideanna ón phictiúr? ___ | |
| Cuir ceist, **"Cad é a shíleann tú atá Peadar ag dul a phéinteáil?"** Iarr orthu rudaí eile a mholadh chomh maith leis na moltaí atá sa scéal. | An bhfuil an páiste sásta moltaí eile a thabhairt? ___ | |
| Léigh lch. 16 don pháiste. Abair, **"Cén phictiúr a rinne Peadar? Ar chuir sin iontas ort? Cad chuige?"** | An bhfuil iontas ar an pháiste faoi dheireadh an scéil? ___ | |
| Amharc ar lch. 6 leis an pháiste. Abair, **"Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil Daidí ag caint?"** | An dtuigeann an páiste na comharthaí cainte? ___ | |

# 7 Bó sa Chistin




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair. Pléigí na pictiúir agus an blurba.

Pléigí peataí. Cá mhéad duine a bhfuil peata acu? D'fhéadfaí graf a dhéanamh de pheataí an ranga ag úsáid *Uimhirbhosca* sa *Scoilbhosca (Granada)*.

Amharcaigí ar chlár an leabhair agus mínigh go bhfuil sibh ag dul a léamh an chéad scéil. Amharcaigí ar na pictiúrléideanna agus ar uimhreacha na leathanach.

Amharcaigí ar na pictiúir ar lgh. 2 – 3 le chéile. Tá bó sa chistin. Cá háit a shíleann na páistí a mbeidh an lacha, an cat agus an madadh?

Léigí/ceolaigí an dán le chéile (*fonn – Skip to my Lou*), pléigí an rithim, déanaigí bualadh bos. Pléigí an pictiúr ar gach leathanach.


Pléigí na hainmhithe eile atá sa teach - cá bhfuil siad?

Déan dráma leis na páistí, bunaithe ar an dán.

Scríbhneoireacht mhúnlaithe le grúpa. Scríobh cuid den dán ar lch. mór. Pléigí ceannlitreacha, poncaíocht, abairtí thar 2 líne.

7

# An Cat Scríobach




Aimsígí an scéal trí úsáid a bhaint as an chlár.

Amharcaigí trí na pictiúir agus pléigí an scéal.

Mínigh foclóir úr trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh go ciúin, nó léigí le chéile é.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí abairt amháin a roghnú le tús, lár agus deireadh an scéil a insint.


Focail le gutaí fada - **scríob, Lára, úr, casúr**. Iarr ar na páistí iad a aimsiú sa scéal. Scríobh liosta ar phíosa mór páipéir. Iarr ar na páistí samplaí eile a fháil.

Pléigí focail le 2 thúslitir - sc, st, bl, br-scr. Iarr ar na páistí samplaí a aimsiú sa scéal agus sa seomra ranga. m.sh. lch. 10, **scríob**, lch.14, **stad**, **scairt**.

Amharcaigí ar an phoncaíocht ar lgh. 14, 16, 18. Tá comhartha uaillbhreasa agus comharthaí cainte ar an fhocal **stad**. Léigí é ag díriú airde ar an phoncaíocht.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoi chat eile agus pictiúir a dhéanamh le dul leis. Cuimhnígí ar thús, lár agus deireadh an scéil. Thiocfadh leo é a dhéanamh mar chartún.

# 7 Simba




Úsáid an clár leis an scéal a aimsiú sa leabhar. Pléigí an phictiúrleid agus uimhir an leathanaigh.

Amharcaigí  ar na pictiúir sa scéal. Pléigí madaí agus turais chuig an pháirc.

Labhair leis na páistí faoi na hainmneacha sa scéal -

> ***Simba****, focal Kiswahili a chiallaíonn leon*
> ***Malik****, focal as an tSomáil a chiallaíonn rí*
> ***Mara****, focal Kiswahili a chiallaíonn am*

Thiocfadh leo eolas a fháil ar an chiall atá le hainm s'acu féin.

Pléigí na fuaimeanna **s** *caol* agus **s** *leathan*  - aimsígí samplaí sa scéal. Iarr orthu na fuaimeanna a dhéanamh.


Pléigí na focail **suas**, **síos** - pictiúir de rudaí eile a théann suas, síos - eitleáin, eitleoga, scáthanna fearthainne (lipéid a úsáid).

An dán **'**Dorn ar dhorn**'** a dhéanamh leis na paistí.
*Dorn ar dhorn, dorn ar dhorn, suas, suas, suas.*
*Buail do bhosa, buail do bhosa, thuas, thuas, thuas.*
*Dorn ar dhorn, dorn ar dhorn, síos, síos, síos.*
*Buail do bhosa, buail do bhosa, thíos, thíos, thíos.*

Iarr ar na páistí tuilleadh eolais a fháil i leabhair neamhfhicsin ina bhfuil eolas ar fhórsaí, domhantarraingt, srl.

7

## Cearca Nuala




Aimsígí an scéal trí úsáid a bhaint as an chlár. Pléigí an phictiúrleid agus uimhir an leathanaigh.

Pléigí peataí agus an dóigh le haire a thabhairt dóibh. Cad iad na rudaí atá de dhíth orthu?

Cuidigh leis na páistí na lipéid a léamh ar lgh. 30-31. Iarr orthu na focail a chuardach sa téacs.

Cuidigh leis na páistí an téacs a léamh trí cheisteanna a chur.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh nó léigí le chéile é.


Tugaigí faoi deara go dtosaíonn na hainmneacha le ceannlitreacha. **Rua**, **Nuala**.

Pléigí lch. 32. Tugann cearca uibheacha dúinn. Pléigí ainmhithe eile a thugann rudaí dúinn, m.sh. bó, caora, srl.

Cuidigh leis na páistí scríobh faoi pheata atá acu féin (nó cum peata), ag leanúint den phatrún atá sa leabhar (mínigh na hathruithe). **Tá cearc ag Nuala**. go T**á ____ agam**. **Tugaim bia do ____**. **Is maith le _____ _____**.

Pléigí na lipéid - iarr ar na páistí pictiúir le lipéid a tharraingt de pheata s'acu féin / nó den pheata ba mhaith leo.

# 7 Lá Breithe Sona Duit!




Amharcaigí tríd an leabhar, pléigí na pictiúir, léigí an téacs trí cheisteanna a chur.

Pléigí an focal **cnag**. Inis do na páistí go bhfuil an fhuaim **r** leis an litir **n**. (*Baineann seo le Gaeilge Chúige Uladh*).

Déanaigí liosta de na hainmhithe atá sa scéal.

Iarr ar na páistí leanúint de phatrún an scéil agus ainmhithe eile a chur isteach. Úsáid leathanach fillte mar atá sa leabhar. Iarr orthu na habairtí a scríobh,
**Cnag, cnag! Cé atá ag an doras?** ______ **atá ann**.


Pléigí na comharthaí uaillbhreasa/ceiste. Iarr ar na páistí iad a thaispeáint duit.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoi chóisir lá breithe nó scríobhaigí scéal le chéile mar ghrúpa.

Na focail **hata/feadóg** a chur i gcomparáid le **hataí/feadóga** - pléigí iolraí simplí eile, m.sh. boscaí, táblaí, ballaí, páistí, múinteoirí, seomraí, fuinneoga, scéalta, seilfeanna, srl.

Pléigí na táblaí sna pictiúir. Tabharfaidh siad faoi deara go gcuirtear níos mó bia ar an tábla de réir mar a théann an scéal ar aghaidh. Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt, tábla ag tús/deireadh an leabhair.

# 7 Peataí ar Scoil




Amharcaigí ar an leabhar le chéile. Pléigí clúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair, an blurba agus ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.


Amharcaigí ar na pictiúir agus ar an téacs. Léigí an téacs trí cheisteanna a chur.

Pléigí na comharthaí cainte/uaillbhreasa/ceiste. Iarr ar na páistí iad a thaispeáint duit. Léigí na habairtí ina bhfuil siad le chéile ag léiriú an difir a dhéanann an phoncaíocht don léitheoireacht.

Déanaigí liosta d’ainmhithe eile ar leathanach mór. Pléigí focail san uimhir  iolra agus san uimhir uatha. Iarr ar na páistí na samplaí sa leabhar a aimsiú. m.sh. **peataí, boscaí, cásanna, piscíní, madaí, seirbilí, pictiúir**.

Pléigí bolgáin chainte. Iarr ar na páistí  pictiúr a tharraingt díobh féin le peata nó pictiúr a tharraingt de Nuala agus a cearc as an leabhar eile. Iarr orthu abairtí/focail a chur i mbolgáin chainte ag cur síos ar an pheata.

# 7 Cé Leis an Ubh seo?




Amharcaigí ar chlúdach an leabhair. Pléigí na hainmhithe atá le feiceáil. Déanaigí liosta ar leathanach mór.

Amharcaigí ar leathanach teidil an leabhair. Pléigí ainmneacha na gcarachtar; tá leideanna sna pictiúir. Beidh ainm agus pictiúr an charachtair ag tús gach píosa cainte.

Léigí an leabhar le chéile. Cuidigh leis na páistí na focail nua a léamh ag úsáid scileanna díchódaithe agus leideanna sa phictiúr, m.sh. **nead, gaineamh, go hard, san uisce, cois farraige**.

Léigí an leabhar mar dhráma, tabhair páirteanna do na páistí.


Cuir i gcuimhne do na páistí nach mbíonn comharthaí cainte i ndrámaí.

Cuir ceisteanna ar na páistí, m.sh. **Cén t-ainmhí a bheireann uibheacha i nead? Cé atá ag caint? Is liomsa an ubh atá ____.**

Faigh níos mó eolais ar na héin agus ar a gcuid uibheacha. Déanaigí póstaer leis an eolas a thaispeáint.

Déanaigí an dráma do rang/grúpa eile.

# 7 Béir, Béir, Béir




Amharcaigí ar chlúdach an leabhair agus ar an leathanach teidil. Pléigí na pictiúir agus an blurba.

Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar. Léigí an leabhar le chéile. Cuidigh leis na páistí na focail nua a léamh trí cheisteanna a chur roimh ré faoin téacs.

Pléigí na horduimhreacha **chéad, dara, tríú, ceathrú** agus **cúigiú**. Cuirigí páistí ina seasamh i líne agus tabhair lipéad an duine dóibh leis na focail **chéad**, **dara**, **tríú**, srl. scríofa orthu.

Pléigí comharthaí cainte/uaillbhreasa sa scéal. Iarr ar na páistí iad a thaispeáint duit.

Pléigí an rím sa scéal.Tabhair leathanach oibre amach le bearnaí (focail a dhéanann rím) nó scríobh abairtí bearnacha ar leathanach mór. Scríobh liosta ar leathanach mór de na focail a dhéanann rím.

Pléigí cóisirí. Iarr ar na páistí scéal/pictiúr a dhéanamh faoi chóisir a bhí acu féin.


Pléigí an Mamaí agus an Daidí sa scéal. Cad é mar a mhothaigh siad nuair a tháinig siad abhaile?

7

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí (Béir, Béir, Béir) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste.<br>Pléigí an clúdach. Abair **"Cad é a bheidh sa scéal seo?"** Ainmnigh teideal an scéil. | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhinsint a thabhairt? ___<br>- an teideal a ainmniú? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 2. Abair **"Cad é atá an chéad bhéar a ghlanadh? Taispeáin dom an dóigh a ndéanann tusa *nigh*, *nigh*."**<br>Abair **"Cuidigh liom an leathanach seo a léamh."** Lig don pháiste na focail a dhéanann rím a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- freagra réasúnta a thabhairt? ___<br>- na focail a dhéanann rím a léamh? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 4. Abair **"Taispeáin dom an focal *clábar*. Cad é mar atá a fhios agat?"** Léigí an leathanach le chéile, ach lig don pháiste na focail a dhéanann rím a léamh. Abair **"Cén chuid den dá fhocal seo atá mar an gcéanna?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal a aimsiú? ___<br>- a rogha a mhíniú? ___<br>- na focail a léamh? ___<br>- na litreacha **ar** a léiriú? ___ | |
| Oscail ag lch. 6. Léigh leis an pháiste, ag ligean don pháiste an focal **glanadh** a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal a léamh? ___<br>- an léann an páiste focail eile, m.sh ***nigh***? ___ | |
| Iarr ar an pháiste lch. 8 a léamh go ciúin. Abair **"Cad é atá an ceathrú béar a dhéanamh?"** agus **"Cad é mar atá a fhios agat?"** nó cuidigh leis an pháiste an lch. a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- léamh le ciall a bhaint amach? ___<br>- an freagra a mhíniú? ___ | |
| Léigí lch. 10 le chéile. Abair **"Cad é atá ag dul a tharlú?"** | An bhfuil an páiste sásta moltaí a thabhairt? ___ | |
| Iarr ar an pháiste lgh. 12 agus 14 a léamh. Cuir ceist cad é a tharlóidh ar lch. 16. | An dtig leis an pháiste:<br>- na lgh. a léamh? ___<br>- na leideanna go mbeidh cóisir ann? ___ | |
| Amharc ar lch. 2. Iarr ar an pháiste focail a thosaíonn le **sp** a aimsiú. Amharc ar lch. 4. Iarr ar an pháiste focail a thosaíonn le **sl** a aimsiú. | An roghnaíonn an páiste;<br>- na focail **spórt** agus **spraoi**? ___<br>- na focail **slupar** agus **slapar**? ___ | |

# 8 Is Maith le Dónall Dobhareach an Domhnach




Pléigí turas a bhí agaibh féin chuig an trá.

Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir. Iarr ar na páistí na pictiúir a phlé, tugaigí faoi deara an luchóg agus na comharthaí atá ar gach leathanach.

Amharcaigí ar na hainmfhocail dílse - ceannlitreacha. Pléigí ainmneacha s'agaibh féin.


Cuir i gcuimhne do na páistí an dóigh a n-athraíonn an phoncaíocht do chuid léitheoireachta. Léirigh an phoncaíocht trí léamh os ard.

Pléigí tús, lár agus deireadh scéil. Iarr ar na páistí an scéal a insint ina bhfocail féin, nó iarr orthu pictiúir/cartúin a tharraingt ag léiriú thús, lár agus deireadh an scéil.

Pléigí an fógra ar lch 12 - mothúcháin. Cuir ceist ar na páistí, **"Ar mhaith leat d'ainm féin a bheith ar fhógra den chineál sin?"** Pléigí fógraí eile den chineál. **Cosc ar ____**

Pléigí ceisteanna, m.sh. **'An dtig leat?' 'Thig liom,' 'Ní thig liom.'** Cuir ceisteanna ar na páistí, **"An dtig leat siúl, rith, cócaireacht, scríobh..."**

# 8 Dónall Dobhareach




Amharcaigí ar chlúdach an leabhair, ar na hainmneacha agus ar an bhlurba. Pléigí na pictiúir. Lig do na páistí amharc tríd an leabhar.

Léigh an dán do na páistí. Pléigí an rithim - déanaigí bualadh bos leis an rithim a léiriú.

Pléigí an rím. Iarr ar na páistí na focail a dhéanann rím a thaispeáint duit agus a rá. Aimsígí focail eile a dhéanann rím. **tú, níos lú, criú, litriú, cé, lae, sé, mé.**


Déanaigí cuntas ar na faoileáin. An bhfuil an dán ceart?

Scríobhaigí an dán mar ghrúpa - ag díriú airde ar phoncaíocht, litriú, ciall srl. Léigí le chéile é ag an deireadh. Léirigh an phoncaíocht tríd an dán a léamh mar cheist.

Déanaigí iarracht cur leis an dán.
**Amharc san uisce.**
**Tá bád mór glas.**
**Tá Dónall sásta**
**“Nach bhfuil seo go deas!”**
**Chuir Dónall a lámha in airde.**
**Is maith leis bheith ar an ché lena chairde.**

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh le cur leis an phíosa eile don dán.

# 8 Peadar Portán




Déanaigí liosta ar leathanach mór de na hainmhithe uilig a thig libh a ainmniú a mhaireann san fharraige. Féach **'Cladach agus Farraige',** de chuid an Ghúim. Pléigí ainmhithe a mhaireann i sliogáin. **Portán sligreach** a thugtar ar **Hermit crab** de thairbhe go maireann sé i sliogán. Tá blaosc bhog ar na portáin shligreacha agus bíonn sliogán de dhíth orthu lena gcosaint.

Is féidir díriú ar fhoclóir an scéil trí cheisteanna a chur ar na páistí a bhfuil a bhfreagraí le fáil sa téacs.

Léigí an scéal mar ghrúpa. Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí amharc ar lch. 24. Cad é a dúirt Peadar Portán? Cad é a dúirt an t-iasc? Pléigí an phoncaíocht.


Pléigí comharthaí cainte agus bolgáin chainte. Déanaigí pictiúir de charachtair. Déanaigí bolgáin chainte agus scríobhaigí iontu.

Aimsígí focal ar lch. 22 a thosaíonn le **r**, a chríochnaíonn le **r** srl.

Déanaigí pictiúr den fharraige, cuirigí lipéid ar na hainmhithe.

Cuidigh leis na páistí tuilleadh eolais a chuardach ar ainmhithe mara.

# 8 Dóra Dobhareach




Aimsígí an scéal ag úsáid an chláir.

Pléigí an greann sna pictiúir. Cad chuige a bhfuil siad greannmhar?

Pléigí an gluaisrothar atá ar gach leathanach. Insíonn sé dúinn cá háit a bhfuilimid sa scéal (cosúil le scrollbharra ar an ríomhaire).

Amharcaigí ar na bolgáin smaointe ar lch. 47. Déanaigí carachtair eile le bolgáin smaointe, cuirigí isteach abairtí/focail.

Críochnaígí na habairtí - **Nuair a théann Daideo ____ , is maith le Dóra ____.**

Scríobhaigí scéal faoi Mhamó agus a peata. Thiocfadh libh leabhar mór ranga a dhéanamh den scéal.

Pléigí na habairtí **Is maith liom... , ní maith liom... , b'fhearr liom...** Déanaigí liostaí.

# 8 Cén Dath atá air?




Pléigí clúdach, teideal, blurba agus údar an leabhair.

Amharcaigí tríd an leabhar le chéile. Pléigí na leideanna ar gach leathanach agus dathanna na litreacha sna pictiúir.

Déanaigí liosta de na dathanna is fearr leis na páistí, úsáid an dath céanna pinn leis an dath atá i gceist, más féidir.

D'fhéadfá graf a dhéanamh de na dathanna is fearr. D'fhéadfá ***Uimhirbhosca*** (clár graif sa ***Scoilbhosca***) a úsáid.


Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh ag úsáid na ndathanna 'contráilte'.

Pléigí na focail a dhéanann rím, déanaigí liosta de na dathanna agus de na focail a dhéanann rím leo. **dán/bán**, **deas/glas**, **fearg/dearg**, **orm/gorm** agus **go léir/air**.

Iarr ar na páistí na dathanna a litriú ag úsáid na litreacha atá sna pictiúir.

Iarr ar na páistí abairtí a scríobh, m.sh. **Tá brocailí ___. Tá an fharraige ____.**

# 8 Béir Bhána




Scríobhaigí liosta mar ghrúpa - eolas atá acu ar na béir bhána. Déanaigí liosta de cheisteanna ar na béir bhána. Scríobhaigí ar leathanach mór iad.

Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar leabhair neamhfhicsin. Cuir i gcuimhne dóibh gur fíricí atá sa leabhar seo agus nach scéal atá ann.

Pléigí an chiall atá le 'hord aibítre'. Iarr ar na páistí focail shimplí a chur in ord aibítre.

Pléigí an dóigh le hinnéacs a úsáid, an dóigh a bhfuil sé in ord aibítre agus an dóigh le focail a chuardach sa leabhar. Cuardaígí cuid de na focail atá san innéacs le chéile.

D'fhéadfaí leabhar a roghnú ón leabharlann agus innéacs a dhéanamh dó mar ghrúpa, nó páistí a chur ag obair go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Pléigí léarscáileanna. Cé a úsáideann iad agus cad chuige a n-úsáidtear iad? Amharcaigí ar an léarscáil sa leabhar seo.

Pléigí an foclóir atá sa leabhar trí cheisteanna a chur ar na páistí roimh ré.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin, cuir i gcuimhne dóibh nach gá an cineál seo leabhair a léamh ó thús go deireadh.

Léigí an leabhar le chéile. Iarr ar na páistí na píosaí is fearr leo a léamh.

Amharcaigí ar na ceisteanna a scríobhadh roimhe agus freagraígí iad ón eolas a fuarthas sa leabhar.

Pléigí lch. 6. Aimsígí freagra na ceiste sa teideal ar an léarscáil. Mínigh an eochair. D'fhéadfá léarscáil níos mó a thaispeáint do na páistí.

Iarr ar na páistí cur leis an innéacs. Tabhair cuidiú nuair atá sé de dhíth, go háirithe leis na focail a chur in ord aibítre.

# 8 Turas sa Spás




Pléigí clúdach, teideal, blurba agus údar an leabhair.

Abair leis na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá ann agus cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn clár agus innéacs sa chineál seo leabhair.

Amharcaigí tríd an leabhar. Pléigí an clár agus an t-innéacs. Cuir i gcuimhne do na páistí an dóigh lena úsáid.

Mínigh do na páistí go bhfuil an t-innéacs in ord aibítre. Pléigí an chiall atá le ‘ord aibítre’. Iarr ar na páistí focail shimplí a chur in ord aibítre.

Iarr ar na páistí an t-innéacs a úsáid leis na focail chuí a aimsiú sa leabhar.

Pléigí úsáid lipéad. Déan pictiúr ar lch. mór ag úsáid lipéad le rudaí a léiriú.

Amharcaigí ar lch. 4. Cuntais siar ó 10. Cleachtaigí é seo mar ghrúpa.

Pléigí foclóir úr trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.

D’fhéadfá abairtí bearnacha a scríobh ar lch. mór agus lipéid a thabhairt do na páistí leis na bearnaí a líonadh (na focail scríofa roimh ré ar na lipéid nó a iarraidh ar na páistí iad a chóipeáil ón leabhar).

Thiocfadh leis na páistí póstaer mór a dhéanamh den spás agus lipéid eolais a chur air.

# 8 Is Cinnte Nach bhFuil

Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus cúil an leabhair. Pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Pléigí an blurba agus na pictiúir. Cad chuige a bhfuil pota ann?

Pléigí drámaí. Ar léigh na páistí dráma ar bith eile? An dtuigeann siad an leagan amach? Amharcaigí ar lch. 1, ar ainmneacha na gcarachtar agus ar na pictiúrleideanna. Tá ceannlitir ag tús ainm gach carachtair.

Pléigí an foclóir trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin scéal.

Léigí an leabhar mar dhráma. Tabhair páirt do na páistí sa ghrúpa agus léigí é le chéile. Iarr ar na páistí an phoncaíocht a chur san áireamh agus iad ag léamh.

Iarr ar na páistí mascanna a dhéanamh de gach carachtar. Thiocfadh leo iad a chaitheamh agus iad ag léamh.

Iarr ar na páistí abairt a scríobh faoin rud a tharla don leon (nó bearnaí a líonadh) m.sh. **Thit Leon isteach sa phota.**

Pléigí teachtaireacht an dráma seo. m.sh. *Ní ghortaíonn tú daoine agus tú ag súgradh leo*.

# 8 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(*Turas sa Spás*) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste.<br>Pléigí an clúdach, Abair **"Cad faoi a bhfuil an leabhar seo? An leabhar ficsin nó neamhfhicsin é?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhinsint a thabhairt? ___<br>- an focal *neamhfhicsean* a úsáid? ___ | |
| Oscail ag clár an leabhair agus léigh an clár don pháiste. Abair **"Cad é an t-eolas a fhaighimid ar an lch. seo? Oscail an leabhar ag an chéad chaibidil faoi 'Éirí'."** | An dtig leis an pháiste:<br>- freagra réasúnta a thabhairt faoin chlár? ___<br>- an chaibidil 'Éirí' a aimsiú? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 2. Abair **"Cad é a chaitheann na spásairí sa spáslong? Cad é mar atá a fhios agat?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an freagra a aimsiú sa phictiúr? ___<br>- an freagra a aimsiú ar an lipéad? ___ | |
| Oscail ag lch. 4. Abair **"Amharc ar an phictiúr. Cá bhfuil an spáslong ag dul? Léigh an lch. seo dom. Taispeáin dom an focal spás."** | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhinsint a thabhairt trí amharc ar na pictiúir? ___<br>- an lch. a léamh? ___<br>- focail áirithe a aimsiú? ___ | |
| Oscail ag lgh. 6 – 7. Pléigí an pictiúr. Abair **"Cuir do mhéar ar theideal na caibidile."** | An dtig leis an pháiste:<br>- léamh le ciall a bhaint as? ___<br>- an freagra a mhíniú? ___ | |
| Oscail ag lch. 8. **"Cad é an t-eolas a thugann an lch. seo dúinn faoi spásairí? Cad é mar atá a fhios agat sin?"** | An dtig leis an leanbh:<br>- ciall a bhaint as an téacs? ___<br>- an freagra a mhíniú? ___ | |
| Léigí lch. 10 le chéile. Abair **"Taispeáin lipéad dom."** | An dtig leis an pháiste:<br>- lipéad a thaispeáint? ___ | |
| Abair **"Cad é mar a gheobhaidh tú eolas ar *Cultacha Spáis* sa leabhar?"** | An dtig leis an pháiste an t-innéacs a úsáid? ___ | |
| Abair **"Cad é mar a léifidh tú an chuid den leabhar a bhfuil *Taobh Istigh den Spáslong* air?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an clár a úsáid? ___ | |
| Abair "**Cad é an difríocht idir bheith ag obair taobh amuigh agus taobh istigh den spáslong?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- cuimhneamh ar eolas agus é a athinsint agus a athchuardach sa leabhar idir théacs agus phictiúir? ___ | |

## 9 Gréasán




Iarr ar na páistí an clár a úsáid le teacht ar an scéal.

Pléigí damháin alla agus gréasáin damhán alla.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh.

Iarr ar na páistí na focail **gréasán** agus **damhán alla** a thaispeáint duit ar lch. 8. Léigí an dara habairt ar lch. 8 le chéile.

Iarr ar na páistí lch. 12 a léamh ina mbeirteanna. Amharcaigí ar na focail **a deir** agus **a deirimse**. Abair leo go bhfuil níos mó béime ar a deirimse.

Amharcaigí ar lch. 10 ar na focail **gréasán** agus **briseann**. Déanaigí liosta d’fhocail eile a thosaíonn le **gr** agus **br**, m.sh. *grian, greannmhar, greim, graf, greamaigh, gránna, bríomhar, bródúil, briosca, briste, bríste, brónach*, srl.

Léigí lch. 16 le chéile. Pléigí an focal **ciall**. Úsáid samplaí eile, m.sh. **Tá Mamaí amaideach,** nó **Cad é a chiallaíonn an focal seo?**

Mínigh **ach oiread** do na páistí trí shamplaí eile a thabhairt. **Níl Síle ard agus níl Seán ard ach oiread.**

Ealaín – Thiocfadh leis na páistí gréasán a dhéanamh le péint/cailc bhán ar pháipéar dorcha. Iarr ar na páistí an dara habairt ar lch. 8 a scríobh faoin phictiúr.

# 9 Mionbheithigh




Pléigí clúdach an leabhair, ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Níl siad ar an chlúdach an iarraidh seo.

Lig do na páistí an leabhar a láimhseáil agus a scrúdú, pléigí na pictiúir, an clár agus ábhar an leabhair.

Iarr ar na páistí amharc ar na mionsamhlacha de na feithidí ar lgh. 2, 3, 4, 5. Pléigí na dóigheanna a mbogann mionbheithígh.

Cé atá ag caint sa dán? Pléigí an duine, Seán, atá luaite agus an dóigh a gcuireann sé mionbheithígh ina phóca. Cad é a shíleann na páistí faoi mhionbheithígh a choinneáil i bpróca? Pléigí taithí atá agaibh féin ar mhionbheithígh. Thiocfadh libh liosta a dhéanamh de na fáthanna ar chóir mionbheithígh a cheapadh agus liosta eile de na fáthanna nár chóir.

Amharcaigí ar an phictiúr ar lch. 5. Cad é a dhéanann gloine formhéadúcháin? Bainigí úsáid as gloiní formhéadúcháin sa seomra ranga nó taobh amuigh.

Déanaigí liosta ar lch. mór de na focail uilig a léiríonn gluaiseacht, msh. **léim, rith, eitilt, sleamhnú**. Tugaigí faoi deara go bhfuil an focal **ag** in úsáid roimh gach ceann acu. Cuirigí focail eile ar an liosta ag úsáid **ag**.

Déanaigí liosta de na mionbheithígh atá ar eolas agus ceangail na focail ghluaiseachta leis na mionbheithigh.

| | | |
|---|---|---|
| ciaróg (beetle) | bóín Dé (ladybird) | mílechosach |
| lampróg (firefly) | scarab (scarab beetle) | cuileog |
| beach (bee) | foiche (wasp) | seangán (ant) |
| dreancaid (flea) | míoltóg (midge) | snáthaid mhór (dragonfly) |
| leamhan (moth) | féileacán (butterfly) | bolb (caterpillar) |
| cipíneach (stick insect) | gailseach (earwig) | criogar (cricket) |
| cláirseach (slater) | dreoilín teaspaigh (grasshopper) | |

Pléigí na focail a dhéanann rím, **glas/deas, thart/ceart, próca/póca**. Déanaigí iarracht focail eile a fháil a dhéanann rím leo nó patrún eile a thosú. m.sh. **gas, meas, teas, tart, neart, beart, clóca, spóca**.

Lig do na páistí a gcuid mionbheithíoch féin a dhéanamh ag úsáid marla nó ábhair eile.

Scríbhneoireacht mhúnlaithe – scríobhaigí an dán le chéile ar lch. mór, ag díriú airde ar phoncaíocht agus ar litriú na bhfocal.

# 9 Leamhan




Déanaigí liosta ar lch. mór de na rudaí atá ar eolas agaibh faoi leamhain.

Aimsígí an scéal trí úsáid a bhaint as an chlár. Amharcaigí ar an chéad phictiúr agus ar ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an scéal. Lig do na páistí amharc tríd an leabhar ag amharc ar na pictiúir.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh agus ansin an scéal a athinsint ag díriú airde ar thús, lár agus deireadh an scéil.

Roghnaigh ceathrar páistí le lch. 22 a léamh. Dírigh aird ar an phoncaíocht mar threoir.

Amharcaigí ar an fhocal **d'amharc** ar lch. 30. Scríobhaigí le chéile é ar lch. mór.

Pléigí go n-úsáidtear ceannlitreacha i dtosach ainmneacha daoine. Tabhair samplaí trí ainmneacha s'acu féin a phlé.

Thiocfadh leis na páistí scéal/eachtra eile a scríobh faoi Leamhan.

Lig do na páistí mionsamhail a dhéanamh de Leamhan le feilt agus le réiteoirí píopa.

# 9 Blasta!




Pléigí biashlabhraí. Déanaigí liosta de na hainmhithe a itheann feithidí. Tabhair samplaí de bhiashlabhraí, m.sh. **cuiteog – éan – cat – madadh**.

Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí na pictiúir agus na hainmhithe atá ar lch. 34, 35. Léigh an teideal do na páistí.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh agus a athinsint.

Amharcaigí ar an fhocal **d'eitil**, cuir i gcuimhne do na páistí an dóigh ar scríobh siad **d'amharc** sa scéal *Leamhan***.**

Pléigí na habairtí **An leatsa é? Ní/Is liomsa é**. Tabhair samplaí labhartha agus scríofa ar lch. mór.

Iarr ar na páistí amharc ar lch. 36 agus abair **Cad é a rinne an chuileog?** Scríobh **D'eitil an chuileog thar an loch** ar lch. mór. Déan an rud céanna leis na frásaí **Cad é a rinne an t-iasc? Léim an t-iasc suas** (lch. 42), **Cad é a rinne an t-éan? D'eitil an t-éan síos** (lch. 44) agus **Cad é a rinne an madadh? Léim an madadh rua amach** (lch. 44). Léigí an liosta le chéile.

Iarr ar na páistí an biashlabhra sa scéal seo a tharraingt.

# 9 Cad é atá an Damhán Alla seo a Dhéanamh?



Labhair leis na páistí faoi na rudaí atá ar eolas acu faoi dhamháin alla agus faoi ghréasáin. Cuir i gcuimhne dóibh na scéalta a léigh siad i ***Feithidí agus Scéalta eile*****.**

Labhair leis na páistí faoin ghréasán Idirlín, an focal céanna **gréasán** in úsáid sa dá chás. Pléigí an chiall atá leis an fhocal. Is féidir *Google* a úsáid le leagan Gaeilge a fháil den idirlíon.

Pléigí clúdach agus pictiúir an leabhair. Iarr ar na páistí amharc tríd an leabhar. Mínigh gur *ríomhphost* atá i lch.16. Mínigh gurb iad an dá fhocal *ríomh* (ríomhaire) agus *post* curtha le chéile atá ann.

Léigh an leabhar leis na páistí ag fiafraí díobh cad é atá an damhán alla a dhéanamh roimh gach lch. a thiontú. Pléigí an foclóir ar an dóigh seo.

Iarr orthu an leabhar a léamh go neamhspleách agus an scéal a athinsint.


Iarr ar gach páiste an chuid is suimiúla acu a léamh le cara.

Labhair arís leo faoi bhiashlabhraí, (*Feithidí, Blasta*). Cad é a itheann damháin alla?

Thiocfadh leis na páistí litir/ríomhphost a scríobh chuig cara ag insint dóibh faoi dhamháin alla ag úsáid abairtí ón leabhar.

D’fhéadfaí níos mó eolais a chuardach ar na damháin alla. Thiocfadh leis an ghrúpa póstaer nó bileog eolais a scríobh do ghrúpa eile.

# 9 Dobhareacha




Pléigí leabhair eile atá léite acu faoi dhobhareacha, m.sh. Dónall Dobhareach, Dóra Dobhareach srl. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá iontu seo agus nach scéal atá ann. Cuir i gcuimhne dóibh go mbeidh clár agus innéacs ann.

Déanaigí liosta ar lch. mór de cheisteanna ba mhaith libh a chur faoi dhobhareacha. Léigí an liosta le chéile.

Amharcaigí ar chlúdach, blurba agus pictiúir an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair agus léigí na teidil le chéile. Is ceisteanna iad cosúil leis na ceisteanna atá agaibh sa liosta.

Amharcaigí ar innéacs an leabhair. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil sé in ord aibítre. Léigí le chéile é. Iarr ar na páistí cuid de na focail a chuardach sa leabhar.

Pléigí na lipéid ar lch. 3. Léigí le chéile iad. Pléigí póstaeir atá ar na ballaí a bhfuil lipéid orthu agus léigí le chéile iad.

Amharcaigí ar an léarscáil ar lch. 6. Cuir i gcuimhne dóibh an léarscáil a chonaic siad i *Béir Bhána*. Thiocfadh libh amharc ar léarscáil níos mó arís.

Léigh an leabhar leis an ghrúpa.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

Iarr ar na páistí an t-eolas a athinsint agus rud ar bith a d'fhoghlaim siad a insint duit.

Amharcaigí siar ar na ceisteanna a scríobhadh sa liosta. Pléigí na freagraí a fuair sibh sa leabhar agus eolas ar bith eile a fuair sibh.

Iarr ar na páistí ceist a léamh amach agus an freagra a thabhairt ina bhfocail féin.

Pléigí an t-innéacs arís. Thiocfadh libh cur leis an innéacs agus liosta eile a dhéanamh.

Thiocfadh leis an ghrúpa leabhar nó póstaer a dhéanamh faoi dhobhareacha.

# 9 Maidin Mhaith




Pléigí an focal **srannfach**. Tá an chéad chuid den fhocal rud beag cosúil leis an fhocal srón. Déanaigí na fuaimeanna. An bhfuil aithne agaibh ar dhuine ar bith a bhíonn ag srannfach?

Pléigí clúdach, teideal agus pictiúir an leabhair. Pléigí an frása **Maidin Mhaith**. Cé a deir é agus cá huair?

Iarr ar na páistí amharc tríd an leabhar lena fháil amach cé a chasann ar an ghasúr. Pléigí an foclóir trí cheisteanna a chur faoin téacs.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin, nó léigí le chéile é.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ag úsáid na bpictiúr leis an ord a dhéanamh i gceart.

Pléigí an Satharn. Níl sé cosúil le laethanta eile na seachtaine. Cad é a dhéanann tusa ar an Satharn?

Pléigí na frásaí ***amach* as a chró, *sa* pháirc, *ina* phóca, *sa* phota, *ar an* leaba**. Abair leis na páistí gur frásaí iad seo a insíonn dúinn cá bhfuil an rud.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh ina mbeirteanna.

Pléigí na habairtí C**é………? Ní mise atá/a bhí ann**. m.sh. **A Chiara, cé atá ag caint? Ní mise atá ann.**
**A Sheáin agus a Áine, cé atá ag troid? Ní muidne (muidinne) atá ann.**

Pléigí na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe. Bíonn madadh *ag tafann*, bíonn caora *ag méileach*, bíonn muc *ag gnúsachtach*, bíonn cearc a*g gocarsach*, bíonn Daidí *ag srannfach*.

Thiocfadh libh cur leis an scéal trí ainmhithe eile a chur isteach. Déanaigí liosta de na hainmhithe eile agus scríobh ar lch. mór iad ag iarraidh ar na páistí cuidiú leat leis an litriú. Iarr ar na páistí na habairtí a scríobh ag úsáid focal ón leabhar agus ainmhí nua ón liosta.

# 9 An bhFuil tú Mór go Leor?

Tabhair cóip den leabhar do gach páiste. Pléigí clúdach, blurba agus ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa leabhar agus pléigí iad. Cad é a shíleann siad a tharlóidh sa scéal seo?

Tugaigí faoi deara na comharthaí ar lch. 2 agus na bratacha ar lch. 3 agus ar lch. 12. Cuidigh leis na páistí na comharthaí a léamh.

Pléigí foclóir an scéil trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.

Mínigh **taobh amháin, an taobh eile** agus **sa lár** trí léaráid a dhéanamh ar lch. mór.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh nó léigí an leabhar le chéile.

Pléigí na mothúcháin sa scéal. Cad é mar a mhothaigh Coinín ag tús an scéil? Cad é mar a mhothaigh Eilifint agus Dobhareach ag deireadh an scéil?

Pléigí an focal **cónaí** ar lch. 2. B'fhéidir go dtabharfaidh páistí faoi deara go n-athraíonn an focal, **ina cónaí, ina chónaí** agus **ina gcónaí**. Thiocfadh leat **baininscneach/firinscneach**, **buachaill/cailín, iolra/uatha, ceann amháin/níos mó ná ceann amháin** a lua. Ní thuigfidh na páistí an t-eolas seo ach ní dochar ar bith é a lua agus go bhfeicfidís go n-athraíonn focail.

Scríobhaigí scéal eile mar ghrúpa faoi ainmhithe eile a chónaigh ar an oileán nó faoi ainmhithe eile a bhí ag iarraidh súgradh. Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh le bratacha agus comharthaí do na hainmhithe eile seo.


Pléigí an frása **a fhios agam**. Bíonn deacracht ag páistí an frása seo a léamh agus a scríobh.

Déanaigí dráma den scéal ag tabhairt páirteanna do na páistí.

# 9 Leathanach Measúnaithe

| **Moltaí** (***An bhFuil tú Mór go Leor?***) | **Measúnú** | **Torthaí Foghlama** |
|---|---|---|
| Pléigí an clúdach tosaigh. Léigh an teideal agus lch. 2 do na páistí. Abair **Cad é, i do bharúil, a bhfuil an scéal seo faoi?** | An dtig leis an pháiste réamhinsint a thabhairt:<br>- ó theideal an leabhair? ___<br>- ó thús an scéil? ___ | |
| Oscail ag lch. 4. Abair **Cad é ba mhaith le Coinín a dhéanamh? Léigh an lch. leat féin. Cad é a dúirt Dobhareach agus Eilifint le Coinín?** | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhinsint a thabhairt ó na pictiúir? ___<br>- an lch. a léamh? ___<br>- freagraí ceiste a chuardach sa téacs? ___ | |
| Oscail ag lch. 6. Abair, **Léigh na focail go ciúin lena fháil amach cad é a d'iarr Coinín ar Dhobhareach a dhéanamh**. Abair **Cad é mar atá a fhios agat gur sin an focal *tarraing*?** | An dtig leis an pháiste:<br>-ciall a bhaint as an téacs? ___<br>- an freagra a mhíniú? ___<br>- an téacs a athléamh leis an fhreagra a chinntiú? ___ | |
| Léigí lch. 8 le chéile. Abair **Cad é, i do bharúil, a tharlóidh anois?** | An dtig leis an pháiste réamhinsint a thabhairt? ___ | |
| Iarr ar na páistí lch. 10 a léamh go ciúin, ansin é a léamh os ard. | An dtig leis an pháiste an téacs a léamh leis na súile amháin? ___ | |
| Iarr ar na páistí lgh. 12 agus 14 a léamh go ciúin. Abair **Cad é a tharla do na hainmhithe?** | An léiríonn an leanbh tuiscint trí athinsint agus an téacs a phlé? ___ | |
| Abair **Léigh lch. 16 dom. Anois léigh na focail a dúirt Coinín. Taispeáin dom na comharthaí cainte. Taispeáin dom na comharthaí uaillbhreasa.** | An dtig leis an pháiste:<br>- ciall a bhaint as an téacs? ___<br>- comharthaí cainte agus comharthaí uaillbhreasa a léiriú? ___ | |

## 10 Deich Lacha




Pléigí clúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair. Léigí an blurba le chéile. Pléigí an dán sa bhlurba. Mínigh go gciallaíonn an focal **linn** níos mó rud amháin (with us, pool, pond, during).

Iarr ar na páistí na lachíní a chuntas; ná déanaigí dearmad ar an lachín atá ar an chlúdach cúil.

Léigí an teideal agus an lch. teidil le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir sa chnuasach.

Léigí clár an leabhair le chéile. Tá pictiúrleideanna ann le cuidiú.

Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail. Pléigí an téacs agus na pictiúir.

Léigí an dán arís le chéile.

Iarr ar na páistí an rithim a bhualadh amach. Iarr orthu na bosa a bhualadh agus iad ag léamh.


Pléigí na focail a dhéanann rím, **lá/ rírá, loch/fliuch, gealbhuí/luí**. Scríobh ar lch. mór iad. Scríobhaigí focail eile a dhéanann rím leo, **trá, grá, cá, mná, rá, tá, deoch, cloch, luch, suí, cuí, guí**.

Scríbhneoireacht – Pléigí cad é atá 11 lacha, 12 lacha a dhéanamh? Thiocfadh libh cur leis an dán nó abairtí a scríobh.
*Aon lacha dhéag ag eitilt leo,*
**"***Bígí cúramach, gabhaigí ar ais anseo***!"**

Scríobhaigí an dán, nó cuid den dán, ar lch. mór mar ghrúpa ag díriú airde ar na focail, na fuaimeanna, an phoncaíocht srl.

Iarr ar na páistí an dán a léamh ina ngrúpaí nó ina mbeirteanna, duine acu ag léamh na gcorruimhreacha agus an duine eile ag léamh na ré-uimhreacha.

# 10 An Ghé Scátála




Aimsigh an scéal trí úsáid a bhaint as an chlár.

Amharcaigí ar lgh. 6 – 7. Pléigí na hainmneacha, an teideal agus na pictiúir.

Pléigí an foclóir úr trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh iad féin, nó léigí ar dtús mar ghrúpa é.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí an cló trom atá in úsáid ar lch. 17 agus ar lch. 20. Cad chuige a bhfuil sé ann?

Iarr ar na páistí an scéal a léamh ina mbeirteanna. Roghnaígí focail as an téacs agus iarr orthu iad a chuardach ina mbeirteanna.

Pléigí an téacs a bhfuil comharthaí cainte air. Pléigí an dóigh a gcuidíonn sé leis an léitheoir an scéal a léamh.

Amharcaigí ar fhocail san uimhir uatha agus san uimhir iolra, m.sh. **gé - géanna**. Tabhair cúpla sampla eile d'iolraí eile lena mhíniú (ms. páiste/páistí, madadh/madaí a bhfuil deireadh **–í** orthu agus rang/ranganna, cuairt/cuairteanna, seilf/seilfeanna a bhfuil deireadh **–anna** orthu).


Tugaigí faoi deara ceannlitreacha na n-ainmneacha, m.sh. **Geabaí Gé/Colm Coinín** – roghnaígí ainmneacha d'ainmhithe eile a thosaíonn leis na túschonsain chéanna.

Léigí amhrán Gheabaí le chéile. Thiocfadh libh é a cheol trína iarraidh ar na páistí fonn a chumadh. Mar ghrúpa cumaigí véarsa eile d'amhrán Gheabaí.

Pléigí an frása **cosúil le**. Scríobh an abairt **Tá ____ cosúil le ____.** ar lch. mór nó ar stiallacha páipéir nó iarr ar na páistí é a chóipeáil. Pléigí na féidearthachtaí leis na bearnaí a líonadh.

Aimsígí eolas ar na géanna.

# 10 Peadar Pearaicít




Amharcaigí ar lgh. 24 – 25. Pléigí na hainmneacha agus an teideal. Amharcaigí ar na pictiúir sa scéal agus pléigí ábhar an scéil.

Pléigí foclóir an scéil trí cheisteanna a chur ar na páistí. Pléigí éin a choinneáil mar pheataí agus an dóigh le haire a thabhairt dóibh.

Léigí an teideal agus an scéal le chéile nó iarr ar na páistí an scéal a léamh iad féin.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint.

Pléigí na héin eile sa scéal. Cad é mar a mhothaigh Peadar, i do bharúil?

Pléigí lch. 32 agus an focal **d'amharc**. Cuir i gcuimhne do na páistí go raibh an focal céanna in úsáid sa scéal *Leamhan*. Scríobh an t-údar an focal **d'amharc** trí huaire. Mínigh go ndéanann scríbhneoirí é seo in amanna le béim a chur ar ghníomhaíocht éigin.

Iarr ar na páistí an focal **d'eitil** a chuardach sa leabhar. Scríobh na focail **d'amharc** agus **d'eitil** ar lch. mór agus pléigí iad.


Iarr ar na páistí an scéal a léamh arís ina mbeirteanna.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh de na héin agus bolgáin chainte a chur orthu agus abairtí a scríobh iontu, m.sh. **Imigh leat**. Cuir i gcuimhne do na páistí nach n-úsáidtear comharthaí cainte sna bolgáin chainte, níl siad de dhíth nó tá a fhios againn go bhfuil duine ag caint.

Pléigí an frása **imigh leat**. Cad é a chiallaíonn sé agus cá huair a úsáidtear é? Taispeáin pictiúr ar a bhfuil páistí le bolgáin chainte ag rá **"**imigh leat**"** le páiste eile. Pléigí an pictiúr mar ghrúpa.

Déanaigí póstaer nó bileog eolais faoin dóigh le haire a thabhairt ar éan. Déanaigí taispeántas don chuid eile den rang nó do rang eile.

# 10 Réiltín agus Bean na nÉan




Amharcaigí ar lch. 36. Pléigí an teideal agus na pictiúir. Tugaigí faoi deara gur scéal fíor atá ann.

Amharcaigí ar na grianghraif de Chlíona agus Réiltín ar lgh. 36 – 37. Tugaigí faoi deara nach bhfuil ach cos amháin ar Réiltín.

Amharcaigí ar na pictiúir sa scéal. Pléigí na grianghraif agus na pictiúir a rinne Clíona í féin. Amharcaigí ar an litir a scríobh Clíona.

Pléigí foclóir nua trí cheisteanna a chur ar na páistí faoin téacs.


Léigí an scéal le chéile nó iarr ar na páistí an scéal a léamh iad féin.

Iarr ar na páistí scéal Réiltín a insint ina bhfocail féin.

Thiocfadh leis na páistí litir eile a scríobh chuig Bean na nÉan faoi éan eile a gortaíodh.

Iarr ar na páistí tuilleadh eolais a chuardach ar na lachain.

# 10 Géanna ag Coimhéad




Cuir i gcuimhne do na páistí an scéal *An Ghé Scátála.* Abair leo gur scéal ficsin a bhí ann. Inis dóibh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo.

Scríobh na focail **gé** agus **géanna** ar lch. mór. Mínigh gur ceann amháin agus níos mó ná ceann amháin (uatha agus iolra) atá ann.

Pléigí eolas ar bith atá acu ar ghéanna agus scríobhaigí ar lch. mór é.

Amharcaigí ar chlúdach agus ar bhlurba an leabhair. Mínigh gur **ealta** an focal atá ar ghrúpa géanna. Mínigh an focal **coimhéad** agus pléigí an dóigh a mbogann gé a muineál agus í *ag coimhéad*.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir agus na rudaí atá ar siúl ag na géanna i ngach pictiúr a phlé. Pléigí foclóir úr ar an dóigh chéanna.

Amharcaigí ar lch. 14. Cad é do bharúil a tharlóidh? Níl an abairt críochnaithe, mar sin ní thosaíonn lch.16 le ceannlitir.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh nó léigí le chéile é.

Déanaigí liosta ar lch. mór de na rudaí uilig a dhéanann na géanna, m.sh. *ag ithe, ag amharc, ag coimhéad, ag snámh, ag eitilt, ag rith*.

Pléigí na rudaí a dhéanann na géanna le chéile, nó scríobhaigí fúthu.

Pléigí maidin agus oíche. Aimsígí pictiúir sa leabhar a léiríonn maidin agus oíche. Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh agus cúpla abairt/focal as an leabhar a scríobh ag cur síos ar na géanna ar maidin/san oíche.

# 10 Ulchabháin




Abair leis na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá ann. Pléigí leabhair neamhfhicsin agus a leagan amach. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil clár, innéacs, teidil, lipéid, léarscáileanna, srl. iontu.

Pléigí eolas atá agaibh ar ulchabháin agus scríobhaigí ar lch. mór é. Pléigí an chuma atá orthu, an bia a itheann siad, na háiteanna ina maireann siad, srl.

Amharcaigí ar chlúdach, teideal agus blurba an leabhair.

Léigí clár an leabhair le chéile. Is ceist é teideal gach caibidle.

Amharcaigí ar innéacs an leabhair. Pléigí na pictiúirléideanna agus na focail atá in ord aibítre. Aimsígí cuid de na focail sa leabhar.

Iarr ar na páistí amharc ar na grianghraif sa leabhar agus léigí na lipéid le chéile.

Pléigí foclóir úr trí cheisteanna a chur ar na páistí agus an t-ábhar a phlé roimh é a léamh.

Léigí an leabhar le chéile mar ghrúpa ag díriú méire ar gach focal.

Iarr ar na páistí an chaibidil is fearr leo a roghnú agus a léamh arís iad féin nó ina mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an t-eolas a d'fhoghlaim siad ón leabhar a athinsint. Thiocfadh leo na pictiúir sa leabhar a úsáid le cuidiú leo.

Iarr ar na páistí fíric amháin a roghnú ón leabhar agus í a scríobh. Thiocfadh leis an ghrúpa leabhar eolais a dhéanamh.

Amharcaigí arís ar an innéacs. Cuirigí focail shimplí in ord aibítre nó roghnaígí leabhar ón leabharlann agus iarr ar na páistí innéacs a scríobh dó.

Pléigí na lipéid sa leabhar. Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh d'ulchabháin agus lipéid a chur air.

Úsáid clár an leabhair le heolas a chuardach.

Déanaigí leabhar ranga faoi ulchabháin/ainmhithe oíche nó ainmhí eile.

# 10 Na Géanna agus an Róimh




Cuir i gcuimhne do na páistí an leabhar Géanna ag Coimhéad agus an dóigh a mbíonn géanna ag coimhéad.

Pléigí **An Róimh** agus taispeáin an léarscáil do na páistí.

Amharcaigí ar chlúdach, teideal agus lch. teidil an leabhair. Abair leis na páistí gur scéal fíor atá ann. Fiafraigh de na páistí cad é mar a shíleann siad a thiocfadh le géanna cathair a shábháil.

Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí na pictiúir den Róimh agus na daoine atá ina gcónaí ann. Pléigí foclóir úr trí cheisteanna a chur faoi na pictiúir.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh nó léigí an leabhar le chéile.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint.

Pléigí an scéal seo i gcomparáid le *Géanna ag Coimhéad*.

Amharcaigí ar thús an scéil **I bhfad ó shin..**. Mínigh do na páistí go scríobhann scríbhneoirí an abairt seo go minic i dtosach scéalta den chineál seo.

Amharcaigí ar na comharthaí cainte agus na comharthaí uaillbhreasa ar lch. 8. Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de ghé agus bolgán cainte le **Honc** scríofa ann.

Iarr ar na páistí scéal/pictiúr le bolgán cainte a dhéanamh de mhuintir na Róimhe ag gabháil buíochais leis na géanna. Cad é a dúirt siad?

Aimsígí níos mó eolais ar an Róimh.

# 10 Bóín Dé, Bóín Dé




Amharcaigí ar chlúdach, blurba agus teideal an leabhair. Pléigí ainmhithe a dhéanann an fhuaim BZZZ.

Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar agus pléigí iad. Pléigí foclóir úr ar an dóigh chéanna.

Ainmnigh na feithidí uilig atá sna pictiúir, **Bóín Dé, Beach, Féileacán, Snáthaid Mhór**.

Léigí an scéal le chéile nó iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

Pléigí na comharthaí cainte ar lch. 4. Iarr ar na páistí na páirteanna a léamh os ard.

Scríobh na habairtí seo ar lch. mór nó ar lch. do gach páiste, **Tá Beach ar ______.** **Tá Féileacán ar ________.** Iarr ar na páistí lipéid a chur sna bearnaí nó na focail a chóipeáil ón leabhar. (Tabharfaidh cuid acu faoi deara go bhfuil an focal séimhithe, go bhfuil an chéad fhuaim séimh.)

Pléigí an focal **ar foluain**. (*Ag Séideadh Leis an Ghaoth*, céim 4).

Pléigí na páistí, Bóín Dé agus an Bheach sa scéal. Cad é mar a mhothaigh siad?

Léigí an dán ar lch. 16 le chéile. Pléigí an rithim agus an rím. Scríobh an dán ar lch. mór ach fág na focail a dhéanann rím ar lár agus iarr ar na páistí iad a chur isteach.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh de na carachtair. Iarr orthu na focail atá le rá acu a chur isteach, iad a scríobh faoin phictiúr nó bolgáin chainte a chur isteach.

## 10 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(*Bóín Dé*) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Léigh an dán ar lch. 16. Cuir ceist ar an pháiste cad a shíleann sé/sí a mbeidh an scéal seo faoi. | An dtig leis an pháiste réamhinsint a thabhairt? __ | |
| Oscail ag lch. 2. Léigh an lch. don pháiste. Abair **Cad é an cheist a chuir Beach ar Bhóín Dé? Taispeáin dom an cheist. Cá bhfuil an comhartha ceiste? Cad é a dúirt Bóín Dé?** | An dtig leis an pháiste:<br>- an téacs a leanúint? __<br>- a rá cad é a dúirt Beach? __<br>- an comhartha ceiste a léiriú? __<br>- a rá cad é a dúirt Bóín Dé? __ | |
| Oscail ag lch. 6. Abair **Cé a bhí ar foluain? Léigh an lch. seo tú féin. Cé a d'inis do Snáthaid Mhór go raibh an teach trí thine? Taispeáin dom an focal foluain. (Cá bhfuil *fo*, cá bhfuil *luain*?)** | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhinsint a dhéanamh ón phictiúr? __<br>- an lch. a léamh go ciúin? __<br>- ceisteanna a fhreagairt?<br>- an focal *foluain* a léiriú? __<br>- na siollaí san fhocail a léiriú? __ | |
| Oscail ag lch. 8. Abair **Léigh an lch. seo agus inis dom cad é a scairt na páistí. Cad chuige nach dtig leo teacht amach? Cá bhfuil an t-eolas sin?** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é a scairt na páistí? __<br>- míniú a thabhairt ar an cheist? __ | |
| Oscail ag lch. 10. Abair **Bhí Bóín Dé, Féileacán agus Snáthaid Mhór ag caoineadh. Cad é a rinne Beach? Cad é, i do bharúil, a tharlóidh anois?** | An dtig leis an pháiste<br>- an t-eolas a chuardach sa téacs?<br>- an t-eolas a chuardach sna pictiúir? __<br>- freagra ceart a thabhairt? __<br>- réamhinsint a dhéanamh? __ | |
| Oscail ag lch. 12. Léigh an abairt dheireanach don pháiste ach stad roimh na focail **amach** agus **teach** agus iarr ar an pháiste na focail sin a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal **amach** a léamh? __<br>- an focal **teach** a léamh? __ | |
| Oscail ag lch. 14. Abair **Cad é a rinne na páistí? Cad chuige ar mhaith le Bóín Dé dul síos chuig an loch?** | An dtig leis an pháiste:<br>- eolas a aimsiú sa téacs? __<br>- ciall infeireach a bhaint as an téacs? __ | |